

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Plean Forfheidhmithe Dhualgais

Chomhionannais agus Chearta an Duine na

hEarnála Poiblí



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

Limerick City
& County Council

Rialú Doiciméad		
Gníomh	Úinéir	Dáta
Beartas dréachtaithe ag	An Roinn Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Seirbhísí do Chustaiméirí	03.03.2025
Beartas Faofa ag	Foireann Bainistíochta	10.03.2025

Clár na nÁbhar

Cuid 1: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuid 2: Cur Chuige faoi threoir Luachanna

Cuid 3 Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

3.1 Réamhrá

3.2 Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

Cuid 4 Cur i bhFeidhm an Dualgais a Chumasú

4.1 Ceannaireacht

4.2 Acmhainn a fhorbairt

4.3 Cumarsáid

Cuid 5 An Dualgas a Chur i bhFeidhm

5.1 An Chéim Chun Aghaidh a Thabhairt

5.2 An Chéim Chun Aghaidh a Thabhairt a Bhaint Amach

5.3 Céim na Tuarascála

Aguisín A. Ráiteas maidir le Luachanna Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Aguisín B. Teimpléad chun an measúnú a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas/nós imeachta/plean

Cuid 1 Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Leis an bplean forfheidhmithe Dualgais seo, bunaítear an uailmhian, an cur chuige agus na céimeanna atá le glacadh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun dualgas comhionannais agus cearta an duine na hearnála poiblí (an Dualgas) a chur i bhfeidhm ar fud ár réimsí feidhme go léir.

Cuireann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh réimse leathan seirbhísí ar fáil ar fud an chontae: tithíocht, pobal agus fóillíocht, comhshaol, pleanáil agus comhfhorbairt áite, gnó agus gilleagar, oideachas agus foghlaim, bóithre agus taisteal, seirbhísí éigeandála, bainistíocht mhóréigeandála, uisce agus draenáil.

Ina theannta sin, is príomhfhostóir áitiúil sa chontae í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá na réimsí feidhme seo go léir faoi réir an Dualgais, dá bhrí sin, is fócas lárnach dár gcuid oibre é comhionannas rochtana, rannpháirtíochta agus toraidh a chinntiú dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár dtairbhíthe beartais ar fud na réimsí feidhme seo go léir. Mar fhostóir agus mar sholáthraí seirbhíse, tá dualgas orainn seirbhísí, cláir agus ionad oibre a chinntiú lena gcuirtear comhionannas chun cinn agus atá saor ó gach cineál idirdhealaithe.

Tríd ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, tugtar deis do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ár n-éachtaí a chomóradh, forbairt a dhéanamh ar ár gcuid oibre go dtí seo, agus an cur chuige pleanáilte agus córasach a chur i bhfeidhm chun ár gcuid oibre ar chomhionannas agus ar chearta an duine a neartú agus a fhorbairt tuilleadh.

Leis an Dualgas, éilítear ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint d'úsáideoirí seirbhíse, do thairbhíthe beartais agus d'fhostaithe ar fud réimsí feidhme uile na heagraíochta.

Alt 42 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas, 2014.

- (1) Déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:
- Deireadh a chur le hidirdhealú
 - Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn agus
 - Cearta daonna a chomhaltáí, a fhoirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí: tabhairt faoi “mheasúnú ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine” atá os comhair na ngrúpaí sainaitheanta don Dualgas agus a bhfuil an bhaint is mó acu maidir le feidhmeanna sonracha an chomhlachta poiblí; na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm cheana féin, nó atá beartaithe, a shainaitheint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a eascraíonn as an measúnú sin; agus tuairisc bhliantúil a thabhairt ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna sin agus an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Go hachomair, is iad na trí chéim is gá chun an Dualgas a chur i bhfeidhm¹:

Le S42.2 (a) agus (b), bunaítear trí phríomhchéim ar cheart do chomhlachtaí poiblí iad a leanúint, maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm:

- (2) (a) measúnú ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreideann sé a bheith ábhartha maidir le feidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe le cur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ar bhealach atá inrochtana don phobal ina phlean straitéiseach (cibé mar a thuairiscítear sin), agus
- (b) tuairisc a thabhairt ar bhealach a mbeidh rochtain ag an bpobal air maidir le forbairtí agus éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé mar a thuairiscítear sin).

Céim 1. Measúnú a dhéanamh: Measúnú fianaise-bhunaithe a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine do na grúpaí sainaitheanta don Dualgas a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta poiblí.

Céim 2. Aghaidh a Thabhairt: an beartas, na pleananna, na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a shainaithint, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a eascraíonn as an measúnú.

Céim 3. Tuairisciú: tuairisciú go bliantúil ar fhorbairtí agus ar éachtaí maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na grúpaí aitheanta don Dualgas:

- Na grúpaí sin a chumhdaítear leis na naoi bhforas faoin reachtaíocht chomhionannais:
 - inscne (lena n-áirítear féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus tréithe gnéis)
 - stádas sibhialta
 - stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim teaghlaigh acu)
 - aois (daoine os cionn 18 mbliana d’aois)
 - míchumas (lena n-áirítear míchumais fhisiciúla, céadfacha agus intleachta, saincheisteanna meabhairshláinte, agus tinneas ainsealach)
 - gnéaschlaonadh
 - cine (a chuimsíonn dath craicinn, náisiúntacht agus bunús eitneach),
 - reiligiún (lena n-áirítear aon chreideamh nó gan aon chreideamh), agus
 - ballraíocht den Lucht Siúil.
- Iad siúd atá i mbaol, nó atá thíos le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta² - rud a shainaithnímid mar dheichiú foras de ‘stádas socheacnamaíoch’.

¹ [Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine](#), Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2019 a chur i bhfeidhm.

² Molann Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ina dhoiciméid treorach don Dualgas, an fócas seo thar na 9 bhforas cosanta faoin reachtaíocht chomhionannais.

Cuid 2 Cur Chuige faoi threoir Luachanna

Glacann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cur chuige faoi threoir luachanna chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur i bhfeidhm.

Tá ról lárnach ag luachanna eagraíochtúla maidir lenár gcultúr eagraíochtúil a mhúnlú, rud a imríonn tionchar ar thosaíochtaí, ar phróisis agus ar chleachtas eagraíochta. Dá bhrí sin, is féidir le cur chuige faoi threoir luachanna i leith an Dualgais cabhrú le fócas ar chomhionannas agus ar chearta an duine a leabú laistigh de chultúr eagraíochta agus leis an gcultúr sin a shlógadh taobh thiar de chur chun feidhme an Dualgais.

Tá ábharthacht ar leith ag baint le cúig chroíluach³ mar bhonn agus mar thaca ag luachanna agus sprioc leathan an Dualgais á shaothrú chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint, seo iad na luachanna de:

Dínit
Cuimsiú
Rannpháirtíocht
Neamhspleáchas
Acmhainní

Chun na croíluachanna seo a chur chun feidhme inár gcuid oibre chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, d'fhorbair an grúpa oibre an Dualgais ráiteas luachanna comhionannais agus cearta an duine a fheidhmeoidh mar chreat dár gcuid oibre chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, go háirithe trí na bealaí seo a leanas:

- tagarmharcanna ardleibhéil a chur ar fáil dár n-uaimhianta eagraíochtúla chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint dár bhfoireann, dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár dtairbhíthe beartais, agus
- teanga inrochtana a thairiscint chun tacú lenár gcuid oibre agus chun an Dualgas a chur i bhfeidhm dár bhfoireann, dár n-úsáideoirí seirbhíse agus dár dtairbhíthe beartais.

Tá an Ráiteas um Luachanna Comhionannais agus Cearta an Duine leagtha amach in Aguisín A.

Lenár Ráiteas um Luachanna Comhionannas agus Cearta an Duine, leagtar amach agus tugtar sainmhíniú ar gach luach, agus aithnítear tagarmharc ardleibhéil do gach luach, maidir le:

- **Tosaíocht:** impleacht an luacha don athrú eagraíochtúil atá á lorg againn chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le comhionannas agus cearta an duine.

³ ["Dualgas Nuálaíochta: Cur Chuige faoi Threoir Luachanna maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a Chur i bhFeidhm"](#), Rachel Mullen, Values Lab, 2019

- **Próiseas:** impleacht an luacha maidir leis an gcaoi a gcuirimid ár gcuid oibre i gcrích, áirítear na nithe seo a leanas le próisis, ach gan a bheith dóibh: beartais agus nósanna imeachta; cóid iompair agus iompraíochta earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne; próisis chomhairliúcháin; agus cumarsáid inmheánach agus sheachtrach.

Feidhmeoidh na ráitis tosaíochta agus próisis mar thagarmharcanna úsáideacha chun ár n-uailmhian maidir le comhionannas agus cearta an duine a threorú, agus chun a chinntiú go n-áireofar ár bpróisis fócas ar dheireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint.

Cuid 3 Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine

3.1 Réamhrá

Éilíonn Céim a haon den Dualgas (Measúnú) ar chomhlacht poiblí measúnú a ullmhú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine do na grúpaí a sainaitníodh don Dualgas. Soláthraíonn an measúnú uirlis don eagraíocht chun tabhairt faoi Chéim a dó den Dualgas (Aghaidh a thabhairt).

Ní measúnú é an ‘measúnú’ seo ar fheidhmeanna nó feidhmíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir lenár gcuid oibre chun dul i ngleic le ceisteanna comhionannais agus cearta an duine. Is measúnú é ar na príomhcheisteanna comhionannais agus cearta an duine atá os comhair na ngrúpaí a sainaitníodh faoin Dualgas, go háirithe na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine sin a bhfuil baint acu le feidhmeanna údaráis áitiúil.

Tá na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a aithníodh inár measúnú bunaithe ar thaighde agus ar shonraí Éireannach atá cothrom le dáta ar na príomhcheisteanna comhionannais agus cearta an duine atá os comhair na ngrúpaí a sainaitníodh don Dualgas.

D’úsáid Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh na foinsí sonraí seo a leanas mar bhonn eolais don mheasúnú seo:

- Taighde arna seoladh ag: an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, agus eagraíochtaí náisiúnta a dhéanann abhcóideacht ar son na ngrúpaí a sainaitníodh.
- Straitéisí náisiúnta beartais do ghrúpaí sainaitheanta ar leith.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh.
- Aighneachtaí ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, chuig creat monatóireachta idirnáisiúnta na NA ar chearta an duine, agus
- Tuarascálacha agus taighde ag leibhéal an chontae.

Tá an measúnú iomlán comhionannais agus cearta an duine, lena n-áirítear an bonn fianaise, le fáil i ndoiciméad ar leith.⁴ Déanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an measúnú a

⁴ Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh: Measúnú ar Shaincheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine agus Leabhar Fianaise. Samhain 2023.

nuashonrú go tréimhsiúil chun a chinntiú go bhfuil na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí mar bhonn eolais dár gcuid oibre leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní maidir le comhionannas agus cearta an duine ar fud ár réimsí feidhme.

Molann treoir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm, go rachadh comhlachtaí poiblí i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag moladh thar ceann na ngrúpaí aitheanta don Dualgas, mar chuid den phróiseas chun an measúnú ar shaincheistanna comhionannais agus cearta an duine a thabhairt chun críche. Thionóil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cruinniú bailíochtaithe le heagraíochtaí áitiúla ábhartha i mí Eanáir 2024. Bhí an próiseas seo an-tairbheach maidir leis an measúnú a sheiceáil agus a fheabhsú, bunaithe ar eispéiris áitiúla na n-eagraíochtaí sin.

3.2 Measúnú ar Cheistanna Comhionannais agus Cearta an Duine

Baineann na saincheistanna comhionannais agus cearta an duine a shainithnítear thíos le gach ceann de na grúpaí a sainithníodh don Dualgas, mura gcuirtear a mhalairt in iúl. I gcásanna áirithe, tugtar samplaí sonracha do ghrúpaí áirithe ina léirítear an méid seo a leanas sna sonraí náisiúnta: eispéireas uathúil don ghrúpa sin maidir leis an tsaincheist nó na saincheistanna; nó go mbíonn an ngrúpa/na grúpaí thíos le héagothroime shuntasach /leanúnach/ idirdhealú/ sárú ar chearta an duine maidir leis an tsaincheist/na saincheistanna.

Dínit

Is éard atá i gceist le dínit ná a bheith measúil agus neamhbhreithiúnach. Tá comhbhá agus atrua i gceist leis.

Is iad seo a leanas **na saincheistanna comhionannais agus cearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu** agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, a bhaineann leis an luach sin:

- Ildirdhealú a bhaineann le fostaíocht⁵ do na grúpaí sainaitheanta go léir (agus iad ag lorg oibre agus/nó san ionad oibre). Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - leibhéil níos airde idirdhealaithe, *agus fostaíocht á lorg*, le haghaidh: An Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, daoine faoi mhíchumas, agus daoine trasinscneacha; agus
 - leibhéil níos airde idirdhealaithe ag an obair do ghrúpaí mionlaigh eitneacha, mná, daoine faoi mhíchumas, agus daoine trasinscneacha.
- Ildirdhealú nuair a dhéantar iarracht teacht ar phríomhsheirbhísí⁶ do na grúpaí sainaitheanta go léir. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - leibhéil níos airde idirdhealaithe, agus rochtain á fáil acu ar chóiríocht don Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, tuismitheoirí aonair, agus daoine faoi mhíchumas.

⁵ Mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

⁶ Mar a shainmhínítear faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann.

- Mí-úsáid agus ciapadh bunaithe ar fhéiniúlacht, agus gnéaschiapadh⁷, a chuireann cosc ar rochtain agus rannpháirtíocht i bhfostaíocht, i seirbhísí agus sa tsochaí i gcoitinne. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - leibhéil arda gnéaschiapadh a mbíonn mná thíos leis san ionad oibre,
 - leibhéil arda ciaptha bunaithe ar fhéiniúlacht a mbíonn daoine LADTA+ agus ag an Lucht Siúil thíos leis san ionad oibre,
 - foréigean baile a chuireann cosc ar rochtain na mban ar fhostaíocht/leanúint ar aghaidh i bhfostaíocht.
- Tionchar ciaptha/mí-úsáide bunaithe ar fhéiniúlacht agus/nó gnéaschiaptha ar íospartaigh: tionchar diúltach ar a sláinte mheabhrach agus fhisiciúil; tionchar diúltach ar a muinín agus a bhfeidhmíocht san obair (lena n-áirítear an fhostaíocht a fhágáil); daoine LADTA+ agus roinnt grúpaí mionlaigh eitneacha ag mothú neamhshábháilte i spásanna poiblí; daoine scothaosta agus roinnt grúpaí mionlaigh eitneacha ag mothú neamhshábháilte/leochaileach ina dtithe/bpobail.
- Coireanna fuatha agus fuathchaint in aghaidh grúpaí mionlaigh eitneacha agus daoine LADTA+ (i spásanna poiblí, ar na meáin shóisialta), agus tearcthuairisciú suntasach ar eachtraí ciníochais do na Gardaí.
- Tuiscint agus/nó easpa tuisciana iarbhir agus/nó cumas fostóirí agus soláthraithe seirbhíse chun saincheisteanna idirdhealaithe, ciaptha agus gnéaschiaptha d'fhostaithe agus d'úsáideoirí seirbhíse a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach.
- Steiréitíopaí, claontachtaí agus réamhchlaonta a théann i bhfeidhm ar chinnteoireacht a mbíonn tionchar acu ar sholáthar fostaíochta agus seirbhíse do ghrúpaí aitheanta, lena n-áirítear ciníochas aonair agus institiúideach, gnéasachas, homafóibe, cumasachas, trasfóibe, agus aoiseachas:
 - steiréitíopaíil inscne na mban maidir le: róil agus cumais chúraim; barúlacha fostóra maidir le hinfhaighteacht agus/nó tiomantas na mban in aois iompar clainne/ a bhfuil leanaí acu; agus claontacht sa mheastóireacht ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn gairme na mban, a mbíonn tionchar diúltach acu ar thorthaí fostaíochta;
 - stiogma agus réamhchlaonadh maidir le gníomhaireacht agus cumas daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta.
- Easpa aitheantais agus/nó meas ar fhéiniúlacht eitneach agus chultúrtha an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile.

⁷ Mar a shainmhínítear faoin reachtaíocht chomhionannais (na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann).

Cuimsiú

Baineann cuimsiú le muintearas, pobal, agus glacadh le héagsúlacht. Baineann sé le hinrochtaineacht agus oiriúnaitheacht.

Is iad seo a leanas **na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu** agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, a bhaineann leis an luach sin:

- Mainneachtain, ag fostóirí/ soláthraithe seirbhíse/ lucht déanta beartas, oiriúnuithe a dhéanamh ar mhaithe le héagsúlacht d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha a eascraíonn as an éagsúlacht seo. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - mainneachtain cóiríocht réasúnach⁸ a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, maidir le fostaíocht agus soláthar seirbhíse.
 - dolúbthacht i ndearadh agus i soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí do na daoine seo a leanas: daoine faoi mhíchumas; daoine a bhfuil fadhbanna litearthachta acu; daoine nach é an Béarla a gcéad teanga; daoine a fhulaingíonn eisiamh digiteach; agus ar bhonn éagsúlacht chultúrtha an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile.
 - cumas agus eolas teoranta (i measc fostóirí agus soláthraithe seirbhíse) chun impleachtaí praiticiúla na héagsúlachta a thuiscint agus freagairt dóibh maidir le: daoine faoi mhíchumas, daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha; daoine faoi mhíchumas, daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha; daoine trasinscneacha;
 - tuiscint agus breithniú neamhleor ar shaincheisteanna trasnaíochta do dhaoine a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla acu, ó na grúpaí aitheanta ar fad, rud a d'fhéadfadh eispéiris ar leithcheal agus neamhionannais iolracha agus cumaisc a chruthú.
- Saincheisteanna aonrú do ghrúpaí ar leith. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - daoine faoi mhíchumas 'folaithe', an Lucht Siúil, agus daoine LADTA+ a mhothaíonn go bhfuil iallach orthu a bhféiniúlacht a cheilt agus iad ag lorg fostaíochta agus san ionad oibre, mar gheall ar eagla roimh chóireáil dhiúltach, rud a mhéadaíonn a n-aonrú;
 - imircigh, go háirithe iad siúd nach é an Béarla a gcéad teanga, scoite amach ó sheirbhísí agus ó thacaíochtaí pobail áitiúla;
 - daoine scothaosta ina gcónaí leo féin, go háirithe iad siúd i gceantair thuaithe;
 - daoine i gceantair thuaithe a bhfuil easpa rochtana/rogha teoranta acu maidir le hiompar poiblí (go háirithe do dhaoine scothaosta, daoine le laga soghluaiseachta, agus daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht); agus
 - daoine a chónaíonn in ionaid soláthair dhíreach, áit a bhfuil bacainní ar a rannpháirtíocht sa phobal áitiúil agus ar rochtain a fháil ar sheirbhísí áitiúla.
- Dofheictheacht éagsúlachta agus easpa sonraí comhionannais chun éagsúlacht a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le torthaí comhionannais a chur chun cinn do ghrúpaí ar leith.

⁸ Mar a shainmhínítear faoin reachtaíocht chomhionannais: Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann.

- Dearcadh diúltach agus ciníoch faoi ghrúpaí mionlaigh eitneacha, agus imircigh mhionlaigh eitneacha go hÉirinn, a bhfuil impleachtaí acu do chuimsiú sóisialta imirceach mionlaigh eitneacha agus iad siúd atá ag lorg cosanta idirnáisiúnta.

Rannpháirtíocht

Baineann páirtíocht le rannpháirtíocht agus comhairliúchán fiúntach agus oscailteacht. Leis an rannpháirtíocht bíonn guth ag daoine agus déantar iad a chumhachtú chun iad féin a chur in iúl.

Is iad seo a leanas **na saincheistanna comhionannais agus cearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu** agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, a bhaineann leis an luach sin:

- Easpa spásanna agus deiseanna chun éagsúlacht guthanna de chuid ghrúpaí aitheanta a chur in iúl go héifeachtach. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
 - tá mainneachtain ag soláthraithe seirbhíse agus ag fostóirí dearcadh agus taithí saoil daoine atá thíos le héagothroime, idirdhealú agus eisiamh sóisialta a chinntiú mar bhonn eolais ag tosaíochtaí agus ag cuir chuige i soláthar fostaíochta agus seirbhíse.
- Bacainní ar rannpháirtíocht do ghrúpaí aitheanta. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
 - foréigean inscne-bhunaithe ina bhac lárnach ar rannpháirtíocht iomlán na mban sa tsochaí;
 - mí-úsáid spreagtha ciníoch agus foréigean a chuireann cosc ar rannpháirtíocht grúpaí mionlaigh eitneacha ina spásanna pobail/ poiblí;
 - eisiamh sóisialta/ aonrú le haghaidh: daoine scothaosta a chónaíonn leo féin, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, agus tuismitheoirí aonair.
 - eisiamh digiteach/neamhionannas mar bhac ar rannpháirtíocht, le haghaidh: daoine atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, daoine atá ina gcónaí i gcóiríocht phlódaithe, daoine scothaosta; daoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint (NEETS); agus leibhéil ísle scileanna digiteacha i measc daoine scothaosta;
 - leibhéil ísle litearthachta mar bhacainn ar rannpháirtíocht do: daoine scothaosta agus roinnt grúpaí mionlaigh eitneacha (Romach, an Lucht Siúil).
- Tearcionadaíocht ar ghrúpaí sainaitheanta i bpoist chinnteoireachta agus i struchtúir chun cinntí a mhúnlú agus a dhéanamh. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
 - tearcionadaíocht na mban i struchtúir chinnteoireachta: ag leibhéal eagraíochtúil (gach leibhéal); agus maidir le struchtúir agus cúrsaí polaitíochta a bhaineann le cinnteoireacht réigiúnach agus náisiúnta.
 - tearcionadaíocht ar ghrúpaí mionlaigh eitneacha i struchtúir chinnteoireachta réigiúnacha agus náisiúnta agus i gcúrsaí polaitíochta.
- Bacainní ar dhul i ngleic leis na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu do roinnt grúpaí aitheanta.

Neamhspleáchas

Cumasú agus rogha atá i gceist leis an neamhspleáchas. Leis an neamhspleáchas bíonn an cumas ag daoine labhairt ar a son féin agus ar son a bpobail.

Is iad seo a leanas **na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu** agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, a bhaineann leis an luach sin:

- Dearcthaí agus roghanna aonair a chur in iúl go teoranta ag baill na ngrúpaí sainaitheanta. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
 - leibhéil ísle muiníne maidir le roghanna a chur ar fáil agus rochtain a fháil ar roghanna, agus i bhfeidhmiú cearta mar gheall ar, mar shampla, tionchar an idirdhealaithe, drochúsáide agus ciapadh bunaithe ar fhéiniúlacht, agus eisiámh sóisialta;
 - bacainní ar chumarsáid le soláthraithe seirbhíse agus seirbhísí tacaíochta óna dteastaíonn cumarsáid ar líne, le haghaidh: daoine a bhfuil fadhbanna litearthachta acu; daoine a fhulaingíonn eisiámh digiteach; daoine nach é an Béarla a gcéad teanga;
 - cur i bhfeidhm fadhbach lionsa ‘samhail leighis’ ar mhíchumas (seachas lionsa samhail sóisialta) as a dtagann díchumhachtú daoine faoi mhíchumas, agus ag teip ar dhaoine míchumasaithe a dhíriú mar shaineolaithe maidir lena gcás agus a riachtanais;
 - gan a bheith in ann saincheisteanna agus riachtanais a chur in iúl mar gheall ar a bhféiniúlacht a cheilt, ar eagla go gcaitear go diúltach leo i bhfostaíocht/soláthar seirbhíse (an Lucht Siúil, daoine LGBTI+, agus daoine faoi mhíchumas folaithe); agus
 - easpa faisnéise, agus bacainní ar rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi na roghanna atá ar fáil agus chun a chinntiú go gcuirtear roghanna ar an eolas.
- Tearcthuairisciú suntasach ar idirdhealú (i bhfostaíocht agus/nó soláthar seirbhíse) agus gnéaschiapadh san ionad oibre.
- Bacainní ar mhaireachtáil neamhspleách ó roinnt grúpaí aitheanta. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - easpa tithíochta, sláinte agus folláine, iompar, agus tacaíochtaí eile chun cur ar chumas daoine scothaosta dul in ‘aois in áit’;
 - easpa soláthair tithíochta agus tacaíochtaí gaolmhara chun a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas saol neamhspleách a chaitheamh; agus
 - easpa gníomhaireachta do dhaoine atá ina gcónaí i gcóiríocht soláthair dhíriigh.

Acmhainní

Baineann Acmhainní/ Ceartas Sóisialta le cothroime, trédhearcacht agus oscailteacht. Is é atá i gceist leis ná go nglactar cur chuige réamhghníomhach agus fianaise-bhunaithe i dtreo acmhainní a úsáid.

Is iad na **saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a dtabharfar aghaidh orthu** agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, a bhaineann leis an luach sin ná:

- Dífhostaíocht agus tearcfhostaíocht roinnt grúpaí aitheanta. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo go háirithe:
 - leibhéil ísle rannpháirtíochta sa mhargadh saothair do: daoine óga (go háirithe daoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint (NEETS); daoine faoi mhíchumas; an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile; agus tuismitheoirí aonair;
 - dífhostaíocht idirghlúine.

- tearcfhostaíocht ban agus líon níos airde ban in obair pháirtaimseartha agus neamhbhuana, mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim;
 - easpa líonraí agus naisc a bhaineann le fostaíocht agus oiliúint don Lucht Siúil, chun cabhrú leo dul ar aghaidh chuig fostaíocht;
 - bacainní ar rochtain ar fhostaíocht/cosaint shóisialta agus tacaíochtaí fostaíochta státmhaoinithe d'imircigh a bhfuil stádas neamhchinnte inimirce acu, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gCoinníollacha Gnáthchónaithe.
- Easpa rochtana ar dheiseanna cur chun cinn agus gairme. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
- rátaí níos airde idirdhealaithe a bhaineann le hardú céime do mhná agus do dhaoine scothaosta; agus
 - tionchar freagrachtaí cúraim agus teorainneacha ar ardú céime agus deiseanna gairme eile do mhná.
- Bochtaineacht. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
- míbhuntáiste socheacnamaíoch a thrasnú le héagthroime agus idirdhealú bunaithe ar fhéiniúlacht i gcás roinnt grúpaí aitheanta don Dualgas: mná i mbun tuismitheoireachta ina n-aonar, an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta (mná scothaosta go háirithe), daoine óga a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle acu, roinnt imirceach, agus daoine trasinscneacha;
 - na costais bhreise a bhaineann le míchumas;
 - an Coinníoll Gnáthchónaithe a chur i bhfeidhm mar phríomhbhac ar roinnt imirceach a bheith in ann teacht ar ioncam agus ar shochair chosanta sóisialta.
- Easpa dídine agus míbhuntáiste tithíochta. Díríonn na sonraí aird ar an méid seo ar leith:
- riosca níos airde faoi mhíbhuntáiste thar ilghnéithe tithíochta (idirdhealú maidir le rochtain a fháil ar chóiríocht, cáilíocht na cóiríochta (lena n-áirítear, mar shampla, plódú), agus riosca a bheith gan dídean, le haghaidh: an Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitneacha eile; daoine faoi mhíchumas; agus tuismitheoirí aonair;
